2025/2404

28.11.2025

CINNEADH (AE) 2025/2404 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Samhain 2024

maidir le rialú cánach SA.38375 (2014/C) (ex 2014/NN) – Lucsamburg, cabhair líomhnaithe do FFT

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2024) 8564)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 108(2) de,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, agus go háirithe Airteagal 62(1)(a) de,

Tar éis a iarraidh ar na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a chur isteach de bhun na bhforálacha thuasluaite ([1]) agus ag féachaint dá gcuid barúlacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

(1) I litir dar dáta an 19 Meitheamh 2013, sheol an Coimisiún iarraidh ar fhaisnéis chuig Ard-Diúcacht Lucsamburg ('Lucsamburg') inar iarr sé faisnéis mhionsonraithe maidir leis an gcleachtas rialaithe cánach sa tír ([2]).

(2) I litir dar dáta an 17 Iúil 2013, d'fhreagair Lucsamburg don litir sin i dtéarmaí ginearálta agus sholáthair sé cuid den fhaisnéis a iarradh. Níor fhreagair Lucsamburg d'iarraidh an Choimisiún liosta rialuithe cánach a d'eisigh a údarás cánach in 2010, 2011 agus 2012 a sholáthar, ná níor chuir sé isteach faisnéis áirithe eile a iarradh.

(3) An 11 Deireadh Fómhair 2013, reáchtáladh cruinniú idir Lucsamburg agus an Coimisiún, agus ina dhiaidh sin sheol Lucsamburg litir dar dáta an 14 Deireadh Fómhair 2013 inar chuir sé ábhair amhrais in iúl maidir le cé acu a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí a chumhdach leis an mbunús dlí a d'agair an Coimisiún iarraidh a bhí ina hiarraidh fhairsing ar fhaisnéis de chineál ginearálta dar leis. D'fhreagair an Coimisiún don litir sin le litir dar dáta an 15 Deireadh Fómhair 2013.

(4) Malartaíodh litreacha eile idir Lucsamburg (litreacha dar dáta an 11 Samhain agus an 2 Nollaig 2013) agus an Coimisiún (litreacha dar dáta an 14 Samhain agus an 12 Nollaig 2013) inar mhínigh Lucsamburg, i ngeall ar chruthú rialtais nua, nach bhféadfadh sé freagra a thabhairt ar iarraidh an Choimisiúin ar fhaisnéis. Dáréir sin, thug an Coimisiún síneadh ar an sprioc-am chun freagra a thabhairt go dtí an 15 Eanáir 2014.

(5) I litir dar dáta an 15 Eanáir 2014, chuir Lucsamburg isteach 22 rialú cánach a bhain leis an tréimhse 2010 go 2013, agus folaíodh ainmneacha na gcáiníocóirí sna rialuithe sin. Dar le Lucsamburg, bhí na rialuithe sin ionadaíoch do chleachtas rialaithe cánach Lucsamburg.

([1]) IO C 369, 17.10.2014, lch. 37.
([2]) Seoladh an litir sin faoi uimhir thagartha HT.4020 – *Pratiques en matière de ruling fiscal*.

(6) Bhain ceann de na rialuithe cánach sin le réamh-chomhaontú praghsála (dá ngairtear 'APA' anseo feasta) le cuideachta dá ngairtear 'FFT'. I litir dar dáta an 3 Meán Fómhair 2012, thoiligh údarás cánach Lucsamburg leis an APA a mhol an comhairleoir cánach (dá ngairtear an 'rialú cánach faoi chonspóid' nó 'APA FFT ([3])' anseo feasta). Bhain APA FFT leis na doiciméid seo a leanas ([4]):

(a) litir ó KPMG (dá ngairtear an 'comhairleoir cánach' anseo feasta) thar ceann FFT, a chliant, dar dáta an 14 Márta 2012 inar iarradh toiliú údarás cánach Lucsamburg le réamh-chomhaontú praghsála;

(b) tuarascáil ar phraghsáil aistrithe ina raibh anailís ar phraghsáil aistrithe, a d'ullmhaigh an comhairleoir cánach chun tacú leis an iarraidh sin.

(7) I litir dar dáta an 7 Márta 2014, d'iarr an Coimisiún ar Lucsamburg a dheimhniú gurbh é Fiat Finance and Trade Ltd. a bhí i gceist leis an gcáiníocóir dá ngairtear 'FFT' in APA FFT. Chuir an Coimisiún in iúl freisin nach bhféadfadh sé, bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach, a chur as an áireamh gur státchabhair neamh-chomhoiriúnach i bhfabhar FFT a bhí in APA FFT. D'iarr an Coimisiún ar Lucsamburg faisnéis bhreise a sholáthar a bhí ábhartha le haghaidh an mheasúnaithe ar APA FFT.

(8) An 24 Márta 2014, d'eisigh an Coimisiún cinneadh urghaire faisnéise ar bhonn Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 659/1999 ón gComhairle ([5]), lenar ordaíodh do Lucsamburg an liosta rialuithe cánach dá dtagraítear in aithris (2) a sholáthar.

(9) An 24 Aibreán 2014, d'fhreagair Lucsamburg don litir dar dáta an 7 Márta 2014 agus dheimhnigh sé nach raibh aon fhaisnéis ábhartha bhreise aige a bhí de dhíth le haghaidh an mheasúnaithe ar APA FFT. A mhéid a bhaineann leis an gceist maidir le cé acu a thagair nó nár thagair FFT do Fiat Finance and Trade Ltd., d'agair Lucsamburg forálacha rúndachta faoi dhlí Lucsamburg agus d'áitigh gur cuireadh cosc air leis na bhforálacha sin céannacht an cháiníocóra i gceist a dheimhniú.

(10) An 11 Meitheamh 2014, ghlac an Coimisiún cinneadh chun an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a thionscnamh faoi Airteagal 108(2) den Chonradh i ndáil le APA FFT (dá ngairtear an 'Cinneadh Tosaigh' anseo feasta) ([6]). Cuireadh an Cinneadh Tosaigh le chéile le cinneadh urghaire faisnéise inar iarradh ar Lucsamburg faisnéis bhreise ar APA FFT a sholáthar. Go háirithe, cheangail an Coimisiún ar Lucsamburg céannacht thairbhí an bhirt sin a dheimhniú.

(11) I litir dar dáta an 14 Iúil 2014, chuir Lucsamburg isteach a bharúlacha maidir leis an gCinneadh Tosaigh. D'áitigh sé freisin nach bhféadfadh an Coimisiún aon bheart státchabhrach a shainaithint agus, ar an gcaoi sin, nach raibh ceangal ar Lucsamburg na ceisteanna sa Chinneadh Tosaigh ná san urghaire faisnéise a fhreagairt.

(12) An 14 Lúnasa 2014, d'iarr an Coimisiún ar Lucsamburg an fhaisnéis a bhí in easnamh dá dtagraítear sa Chinneadh Tosaigh agus a iarradh san urghaire faisnéise a sholáthar. D'iarr an Coimisiún ar Lucsamburg freisin ceadú don Choimisiún na ceisteanna nár freagraíodh a sheoladh go díreach chuig FFT i gcomhréir le hAirteagal 6(a)(6) de Rialachán (CE) Uimh. 659/1999.

(13) An 3 Meán Fómhair 2014, thug Lucsamburg freagra páirteach ar na ceisteanna nár freagraíodh agus thug le fios gur rúin ghnó de chuid FFT a bhí i gceist le cuid den fhaisnéis a iarradh agus nach raibh an fhaisnéis sin ina sheilbh ag Lucsamburg. Dheimhnigh Lucsamburg freisin go dtagraíonn FFT don chuideachta Fiat Finance and Trade Ltd. go deimhin, agus cheadaigh sé don Choimisiún a cheisteanna a sheoladh go díreach chuig FFT.

(14) An 17 Deireadh Fómhair 2014, foilsíodh an Cinneadh Tosaigh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([7]). D'iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha maidir leis an gcinneadh a chur isteach. I litir dar dáta an 30 Deireadh Fómhair 2014, fuair sé barúlacha ó FFT.

([3]) Réamh-chomhaontú praghsála, a dtagraítear dó ar leithligh mar 'APA' anseo feasta.
([4]) D'fholaigh Lucsamburg faisnéis áirithe, go háirithe ainmneacha cuideachtaí agus fochuideachtaí.
([5]) Rialachán (CE) Uimh. 659/1999 ón gComhairle an 22 Márta 1999 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 93 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh a chur i bhfeidhm (IO L 83, 27.3.1999, lch. 1). Rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 659/1999 a aisghairm agus rinneadh Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm (IO L 248, 24.9.2015, lch. 9), a chur ina ionad.
([6]) *Cabhair líomhnaithe do FFT* (SA.38375) [2014] IO C 369, 17.10.2014, lch. 37.
([7]) IO C 369, 17.10.2014, lch. 37.

(15) An 22 Nollaig 2014, chuir Lucsamburg isteach liosta tairbhithe de rialuithe cánach, chun iarraidh an Choimisiúin ar fhaisnéis an 19 Meitheamh 2013 a chomhlíonadh. Sa doiciméad sin, liostaíodh na rialuithe a d'eisigh údarás cánach Lucsamburg idir 2010 agus 2012.

(16) I litir dar dáta an 5 Eanáir 2015, chuir Lucsamburg isteach a bharúlacha maidir leis na barúlacha ó thríú páirtithe i ndáil leis an gCinneadh Tosaigh.

(17) An 12 Feabhra 2015, ghlac an Coimisiún cinneadh inar cuireadh Lucsamburg ar an eolas gur shainaithin sé, i gcomhréir le hAirteagal 6(a) de Rialachán (CE) Uimh. 659/1999, gur neamhéifeachtach an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil maidir leis an rialú cánach faoi chonspóid go dtí seo. Ar an mbonn sin, agus le cead ó Lucsamburg, ([8]) d'fhéadfadh an Coimisiún a cheisteanna a sheoladh go díreach chuig FFT.

(18) I litreacha dar dáta an 20 Feabhra 2015, sheol an Coimisiún iarraidh ar fhaisnéis chuig Lucsamburg agus FFT.

(19) I ríomhphoist dar dáta an 26 Feabhra agus an 3 Márta 2015, d'iarr FFT roinnt soiléirithe maidir leis an iarraidh ar fhaisnéis agus síneadh ar an sprioc-am chun freagra a thabhairt, agus cheadaigh an Coimisiún an síneadh sin i ríomhphost dar dáta an 5 Márta 2015.

(20) An 23 Márta 2015, d'iarr an Coimisiún ar Lucsamburg, mar fhreagra ar an liosta rialuithe cánach a soláthraíodh an 22 Nollaig 2014, faisnéis bhreise a sholáthar maidir leis na rialuithe le haghaidh na mblianta 2010 go 2012 ([9]).

(21) I litir dar dáta an 24 Márta 2015, thug Lucsamburg freagra ar iarraidh an Choimisiúin ar fhaisnéis an 20 Feabhra 2015 ([10]).

(22) I litir dar dáta an 31 Márta 2015, thug FFT freagra ar iarraidh an Choimisiúin ar fhaisnéis an 20 Feabhra 2015.

(23) An 23 Aibreán 2015, chuir Lucsamburg isteach faisnéis bhreise maidir le 1 900 rialú i measc na rialuithe a liostaíodh ina fhreagra an 22 Nollaig 2014.

(24) An 27 Aibreán 2015, reáchtáladh cruinniú idir FFT, Lucsamburg agus an Coimisiún, agus sholáthair Lucsamburg faisnéis bhreise tar éis an chruinnithe ina aighneachtaí an 4 Meitheamh 2015, an 18 Meitheamh 2015 agus an 10 Iúil 2015.

(25) An 15 Iúil 2015, reáchtáladh cruinniú idir Príomhoifigeach Airgeadais Fiat Chrysler Automobiles N.V., comharba Fiat S.p.A., Lucsamburg agus an Coimisiún.

(26) An 21 Deireadh Fómhair 2015, chuir an Coimisiún clabhsúr leis an imscrúdú foirmiúil ar APA FFT trí chinneadh críochnaitheach (an 'Cinneadh Clabhsúir' ([11])) a ghlacadh. Sa chinneadh sin, chinn an Coimisiún gur chabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) den Chonradh a bhí sa rialú cánach faoi chonspóid. Cinneadh go raibh an chabhair sin ar neamhréir leis an margadh inmheánach agus gur chuir Lucsamburg i bhfeidhm go neamhdhleathach í de shárú ar Airteagal 108(3) den Chonradh. Ordaíodh do Lucsamburg méid na cabhrach neamh-chomhoiriúnaí agus neamhdhleathaí a fuair FFT a ghnóthú.

(27) An 29 agus an 30 Nollaig 2015 faoi seach, rinne FFT agus Lucsamburg caingne a thionscnamh chun an Cinneadh Clabhsúir a chur ar neamhní.

(28) An 24 Meán Fómhair 2019, dhíbh an Chúirt Ghinearálta na caingne sin agus sheas le Cinneadh Clabhsúir an Choimisiúin ([12]).

(29) An 8 Samhain 2022, rinne an Chúirt Bhreithiúnais breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 24 Meán Fómhair 2019 a chur i leataobh agus Cinneadh Clabhsúir an Choimisiúin a chur ar neamhní (*'breithiúnas FIAT'* ([13])) agus ní dhearnadh aon difear don Chinneadh Tosaigh. Dá bhrí sin, an t-imscrúdú foirmiúil ar an rialú cánach faoi chonspóid a dtugtar tuairisc bhreise air i Roinn 2.2, tá sé ar oscailt i gcónaí agus ní mór clabhsúr a chur leis.

([8]) Féach aithris (13).
([9]) Faoi chás uimhir SA.37267 – *Pratiques en matières de ruling fiscal* – Lucsamburg.
([10]) Soláthraíodh an litir dar dáta an 24 Márta 2015 don Choimisiún an 24 Márta 2014 agus arís an 26 Márta 2015.
([11]) *Státchabhair arna cur i ngníomh ag Lucsamburg i bhfabhar Fiat* (SA.38375) Cinneadh (AE) 2016/2326 ón gCoimisiún [2015] IO L 351, 22.12.2016, lch. 1.
([12]) Cásanna uamtha T-755/15 agus T-759/15 *Lucsamburg agus Fiat Chrysler Finance Europe* v *an Coimisiún*, ECLI:EU:T:2019:670.
([13]) Cásanna Uamtha C-885/19 P agus C-898/19 P *Fiat Chrysler Finance Europe agus Éire* v *an Coimisiún*, ECLI:EU:C:2022:859.

2. TUAIRISC AR AN mBEART

2.1. An tairbhí

(30) Is cuid de ghrúpa Fiat é FFT. Tráth an rialaithe cánach faoi chonspóid, bhí grúpa Fiat comhdhéanta de Fiat S.p.A., a bhí ionchorpraithe san Iodáil agus a raibh a cheannoifig in Torino, agus gach cuideachta faoi rialú Fiat S.p.A. (dá ngairtear 'Fiat' nó 'grúpa Fiat' le chéile anseo feasta). Tar éis chumasc Fiat S.p.A. le Fiat Investments N.V. agus sa chuideachta sin an 12 Deireadh Fómhair 2014, tháinig Fiat Chrysler Automobiles N.V. i gcomharbacht ar Fiat S.p.A.

(31) Rinne Fiat gníomhaíochtaí seirbhísí tionsclaíocha agus airgeadais san earnáil mótarfheithiclí. Rinne sé feithiclí mórmhargaidh a dhearadh, rinne sé innealtóireacht orthu, agus rinne sé iad a mhonarú, a dháileadh agus a dhíol. Ar na brandaí dá chuid, bhí Fiat, Alfa Romeo, Lancia, Abarth, Ferrari, Maserati agus roinnt brandaí de chuid Chrysler. Ina theannta sin, bhí Fiat gníomhach freisin san earnáil comhpháirteanna, san earnáil córas tairgthe agus i seirbhísí/dtáirgí iardhíola. Ar deireadh, chun tacú lena ghníomhaíochtaí gluaisteáin, sholáthair an grúpa freisin seirbhísí airgeadais, léasúcháin agus cíosa miondíoltóra agus déileálaí (trí fhochuideachtaí, comhfhiontair agus comhaontuithe tráchtála le soláthraithe seirbhísí airgeadais speisialaithe). In 2013, thuairiscigh Fiat ioncam EUR 86 816 mhilliún agus glanbhrabús EUR 1 951 mhilliún. In 2012, ba iad EUR 83 957 milliún (ioncam) agus EUR 896 mhilliún (glanbhrabús) na figiúirí comhfhreagracha faoi seach.

(32) Sholáthair FFT seirbhísí cisteáin agus maoiniú do chuideachtaí Fiat a bhí bunaithe (go príomha) san Eoraip (cé is moite den Iodáil) agus bhainistigh FFT roinnt struchtúir chomhthiomsaithe airgid le haghaidh chuideachtaí an ghrúpa. Ba le Fiat S.p.A. thart ar 40 % de FFT agus ba le Fiat Finance S.p.A., a bhí ina fhochuideachta ar lánúinéireacht Fiat S.p.A. ([14]), thart ar 60 % de FFT. Thaifead FFT ioncam roimh cháin dar luach EUR 1 572 300 agus EUR 2 334 301 le haghaidh 2012 agus 2013 faoi seach ([15]).

(33) Bhí an fhaisnéis seo a leanas faoi FFT agus faoi ghrúpa Fiat sa tuarascáil ar phraghsáil aistrithe a sholáthair Lucsamburg an 15 Eanáir 2014. Bhí feidhmeanna láraithe airgeadais agus cisteáin ag Fiat, faoinarb iad cuideachtaí cisteáin laistigh den ghrúpa (dá ngairtear 'na cuideachtaí cisteáin' le chéile anseo feasta) a rinne an cistiú, an t-airgeadas corparáideach, caidreamh le bainc, bainistíocht malairte eachtraí agus riosca ráta úis, comhthiomsú airgid, oibríochtaí margaidh airgid, bainistíocht iarmhéideanna airgid, bailiú agus tionscnamh íocaíochtaí uile.

(34) Eagraíodh na cuideachtaí cisteáin mar a leanas:

(a) Ba é Fiat Finance S.p.A. an chuideachta chisteáin a bhí bunaithe san Iodáil agus a bhí i gceannas ar chomhordú na n-oibríochtaí maoiniúcháin le haghaidh chuideachtaí an ghrúpa a bhí bunaithe san Iodáil;

(b) Rinne FFT feidhmeanna cisteáin le haghaidh na gcuideachta den ghrúpa a bhí bunaithe san Eoraip (cé is moite den Iodáil);

(c) Rinne Fiat Finance North America, Inc. (dá ngairtear 'FFNA' anseo feasta) feidhmeanna cisteáin le haghaidh na gcuideachtaí den ghrúpa a bhí bunaithe sna Stáit Aontaithe;

(d) Rinne Fiat Finance Canada Ltd. (dá ngairtear 'FFC' anseo feasta) feidhmeanna cisteáin le haghaidh na gcuideachtaí den ghrúpa a bhí bunaithe i gCeanada;

(e) Rinne Fiat Finanças Brasil Ltda feidhmeanna cisteáin le haghaidh chuideachtaí Fiat a bhí bunaithe sa Bhrasaíl.

(35) D'fhéadfaí na hidirbhearta inghrúpa trasteorann a rinne FFT a ghrúpáil ina dhá phríomhchatagóir: (i) idirbhearta le cuideachta cisteáin eile (in-earnáil) agus (ii) idirbhearta le cuideachtaí den ghrúpa (inghrúpa).

(36) Maidir le feidhmeanna a rinneadh, bhí FFT páirteach i gcistiú margaidh agus in infheistíochtaí leachtachta; caidreamh le gníomhaithe sa mhargadh airgeadais; seirbhísí comhordaithe airgeadais agus comhairliúcháin le haghaidh chuideachtaí an ghrúpa; seirbhísí bainistithe airgid thirim le haghaidh chuideachtaí an ghrúpa; cistiú gearrthéarmach agus lár téarma idir cuideachta; agus comhordú leis na cuideachtaí cisteáin eile.

([14]) Réamheolaire bunaidh, Fiat S.p.A., an 14 Márta 2014.
([15]) Id.

(37) Ar na príomhrioscaí a bhí le sárú ag na cuideachtaí cisteáin, bhí riosca margaidh, riosca creidmheasa a bhain le taiscí bainc nó infheistíochtaí gearrthéarmacha cosúla, rioscaí a bhain le contrapháirtí, agus riosca oibriúcháin.

(38) Bhainistigh FFT líon mór sócmhainní airgeadais, a bhain go príomha le hiasachtaí idir cuideachtaí, cuntais infhála ó chuideachtaí an ghrúpa agus, ar bhonn níos lú, taiscí bainc. Bhain FFT úsáid as córais TF a bhí riachtanach chun na hoibríochtaí laethúla a dhéanamh agus chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht an mhargaidh airgeadais.

2.2. **An rialú cánach faoi chonspóid**

(39) Baineann an Cinneadh seo le APA FFT, rialú cánach maidir le praghsáil aistrithe a thug Lucsamburg do FFT i litir dar dáta an 3 Meán Fómhair 2012. Tacaíonn an rialú cánach faoi chonspóid le modh chun teacht ar leithdháileadh brabúis do FFT laistigh de ghrúpa Fiat, mar a mhol comhairleoir cánach ghrúpa Fiat, agus cuirtear ar a chumas do FFT leis a dhliteanas cánach corparáide do Lucsamburg a chinneadh ar bhonn bliantúil.

(40) Ar na doiciméid a sholáthair Lucsamburg don Choimisiún arbh é a bhí iontu na heilimintí riachtanacha uile chun tacú leis an rialú cánach faoi chonspóid, bhí an dá litir agus an tuarascáil ar phraghsáil aistrithe dá dtagraítear in aithris (6).

(41) I litir dar dáta an 3 Meán Fómhair 2012, dheimhnigh údarás cánach Lucsamburg '[go ndearnadh] an anailís anseo thíos ar phraghsáil aistrithe i gcomhréir le Ciorclán 164/2 an 28 Eanáir 2011 agus gur urramaíodh prionsabal an fheidhmithe neamhspleách' (sic). I bhfocail eile, ghlac údarás cánach Lucsamburg leis go raibh ina thoradh ar anailís an chomhairleora cánach ar phraghsáil aistrithe sa tuarascáil ar phraghsáil aistrithe luach saothair ar neamhthuilleamaí as na feidhmeanna a rinne FFT agus as an riosca a d'iompair sé. Ba mar a leanas 'luach saothair ar neamhthuilleamaí' FFT, mar a shuitear sa tuarascáil ar phraghsáil aistrithe agus ar glacadh leis sa rialú cánach faoi chonspóid: 'leis an staidéar ar phraghsáil aistrithe, cinntear luach saothair iomchuí EUR 2,542 mhilliún a mbeartaítear raon +/- 10 % ar an gcaipiteal faoi riosca agus ar an gcaipiteal arb é is aidhm dó na feidhmeanna arna ndéanamh ag an gcuideachta a chúiteamh.' Cuireadh ráta caighdeánach cánach corparáide Lucsamburg 28,8 % i bhfeidhm maidir leis an nglanbhrabús a thuill FFT ar bhonn an luacha saothair sin. Sonraíodh freisin sa litir go raibh cinneadh an údaráis cánach ceangailteach ar feadh 5 bliana (i.e. ó bhliain chánach 2012 go bliain chánach 2016).

(42) De réir na tuarascála ar phraghsáil aistrithe, ba é an modh trasghníomhaíochta glanchorrlaigh (dá ngairtear 'TNMM' anseo feasta) an modh a measadh mar an modh ab iomchuí chun brabús inchánach FFT laistigh de ghrúpa Fiat a chinneadh. Dar leis an gcomhairleoir cánach, ba leormhaith TNMM go háirithe i gcás, laistigh den idirbheart, gurbh ann d'aon pháirtí amháin nach raibh ag rannchuidiú ar bhealach luachmhar uathúil. Ós rud é, dar leis an gcomhairleoir cánach, gurbh é sin a bhí i gceist i gcás FFT, nach raibh ach seirbhísí airgeadais á ndéanamh aige, bhí an modh sin ar an modh ab iomchuí chun praghsáil ar neamhthuilleamaí a chinneadh i gcomhréir le Treoirlínte na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) maidir le Praghsáil Aistrithe le haghaidh Fiontair Ilnáisiúnta agus Údaráis Chánach ('Treoirlínte ECFE') ([16]).

(43) Sa tuarascáil ar phraghsáil aistrithe, chinn an comhairleoir cánach an luach saothair a bhí dlite do FFT, arb é an brabús inchánach a bhí ann, trí thagairt don chaipiteal a bhí de dhíth ar FFT chun a fheidhmeanna a dhéanamh agus chun a rioscaí a iompar, i ndáil leis na sócmhainní a bhí in úsáid.

(44) Cinneadh an luach saothair sin mar a leanas: (i) meastachán ar 'chaipiteal faoi riosca' FFT; (ii) sainaithint chaipiteal FFT a úsáidtear chun na feidhmeanna a dhéanamh chun tacú leis na hinfheistíochtaí airgeadais; (iii) meastachán ar an luach saothair a raibh coinne leis ar 'chaipiteal faoi riosca' FFT trí úsáid a bhaint as an tSamhail Phraghsála i leith Sócmhainní Caipitiúla (dá ngairtear 'CAPM' anseo feasta) agus sainaithint an toraidh chun an caipiteal arna úsáid chun na feidhmeanna a dhéanamh a chúiteamh; agus (iv) ríomh na brabúsachta foriomláine a bheidh fágtha ag FFT chun na rioscaí arna n-iompar agus na feidhmeanna arna ndéanamh a chúiteamh trí thorthaí chéim (i) go (iii) a chur le chéile.

(45) Déantar measúnú leis an gCinneadh seo ar cé acu atá nó nach bhfuil buntáiste roghnaitheach ar státchabhair é sa socrú praghsála aistrithe a formheasadh sa rialú cánach faoi chonspóid.

([16]) *OECD Transfer Pricing Guidelines for Multinational Enterprises and Tax Administrations*, OECD Publishing, Páras, 2010.

3. TUAIRISC AR AN GCREAT DLÍTHIÚIL ÁBHARTHA

3.1. Treoraíocht maidir le praghsáil aistrithe

(46) Baineann an Cinneadh seo le rialú cánach lena mbailíochtaítear socrú praghsála aistrithe, ar a dtugtar APA freisin. Is é atá in APAnna socruithe lena gcinntear, sula ndéantar idirbhearta inghrúpa, tacar critéar iomchuí chun an phraghsáil aistrithe a chinneadh le haghaidh na n-idirbheart sin thar thréimhse ama sheasta, chun críoch cánach.

(47) Sa chomhthéacs sin, tagraíonn praghsáil aistrithe do na praghsanna a ghearrtar ar idirbhearta tráchtála idir codanna éagsúla den ghrúpa corparáideach céanna, go háirithe praghsanna a shocraítear le haghaidh earraí arna ndíol ag aon chuideachta amháin de ghrúpa corparáideach le cuideachta eile den ghrúpa sin nó seirbhísí arna soláthar ag aon chuideachta amháin de ghrúpa corparáideach do chuideachta eile den ghrúpa sin. Ar an gcaoi sin, baineann praghsáil aistrithe le leithdháileadh brabúis idir codanna éagsúla den ghrúpa corparáideach céanna.

(48) Íocann corparáidí ilnáisiúnta cánacha i ndlínsí lena mbaineann rátaí cánach éagsúla. Is é atá sa bhrabús i ndiaidh cánach a thaifeadtar ar leibhéal an ghrúpa chorparáidigh suim an bhrabúis i ndiaidh cánach i ngach tír ina bhfuil sé faoi réir cánach. Dá bhrí sin, in ionad an brabús a dhearbhaítear i ngach tír a uasmhéadú, d'fhéadfadh sé go mbeadh spreagadh ó thaobh airgeadais de ag corparáidí ilnáisiúnta an brabús is mó agus is féidir a leithdháileadh ar dhlínsí ísealchánacha agus an brabús is lú agus is féidir a leithdháileadh ar dhlínsí ardchánacha agus brabús á leithdháileadh acu ar chuideachtaí éagsúla an ghrúpa chorparáidigh.

(49) Bunaíodh caighdeán a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta chun praghsanna aistrithe a shocrú d'fhonn cánachas cóir a bhaint amach. Dá bhrí sin, bunaítear le hAirteagal 9 de Shamhailchoinbhinsiún Cánach ECFE ([17]), maidir le cánachas ar fhiontair chomhlachaithe, prionsabal an fheidhmithe neamhspleách, mar a thugtar air, ar dá réir a shocrófar na praghsanna in idirbhearta idir cuideachtaí i gcomhréir le praghsanna an mhargaidh. Tá mionsonraí breise ar phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách le fáil i dTreoirlínte ECFE.

4. AN FORAS CHUN AN NÓS IMEACHTA IMSCRÚDAITHE FOIRMIÚIL A THIONSCNAMH

(50) Sa Chinneadh Tosaigh, chuir an Coimisiún in iúl go raibh amhras air faoi chomhoiriúnacht an rialaithe cánach faoi chonspóid don mhargadh inmheánach. Go háirithe, bhí amhras air faoi cé acu a bhí nó nach raibh luach saothair ar neamhthuilleamaí le haghaidh FFT ina thoradh ar an socrú praghsála aistrithe ar thacaigh an rialú cánach faoi chonspóid leis.

(51) Ina Chinneadh Tosaigh, shonraigh an Coimisiún nár cheart a bheith d'éifeacht ag an rialú cánach faoi chonspóid cánachas is ísle a cheadú le haghaidh na ngnóthas lena mbaineann ná gnóthais eile i staid inchomparáide dhlíthiúil agus fhíorasach. Dá nglacfadh údaráis chánach leis, trí chleachtas lánroghnach rialuithe cánach, go n-imíonn cuideachtaí ilnáisiúnta ó dhálaí an mhargaidh i socrú coinníollacha tráchtála idirbheart inghrúpa, d'fhéadfadh sé go ndiúltóidís d'ioncam inchánach ina ndlínse agus ar an gcaoi sin go ligfidís uathu acmhainní stáit. Is amhlaidh a bhíonn, go háirithe, i gcás ina nglacann údaráis chánach le coinníollacha tráchtála a imíonn ó choinníollacha atá i réim idir oibreoirí eacnamaíocha neamhspleácha.

(52) Thairis sin, ina Chinneadh Tosaigh, shonraigh an Coimisiún, chun a chinneadh cé acu a d'eascair nó nár eascair buntáiste as modh measúnaithe ar ioncam inchánach gnóthais, gur ghá comparáid a dhéanamh idir an modh sin agus an gnáthchóras cánach bunaithe ar an difríocht idir brabús agus caillteanas gnóthais a dhéanann a ghníomhaíochtaí faoi ghnáthdhálaí margaidh. Ar an gcaoi sin, mhaígh an Coimisiún i gcás inar bhain APA le socruithe praghsála aistrithe idir cuideachtaí gaolmhara laistigh de ghrúpa corparáideach nár cheart don socrú sin imeacht ón socrú nó ón luach saothair lena nglacfadh oibreoir neamhspleách stuama ag gníomhú faoi ghnáthdhálaí margaidh (i.e. ar neamhthuilleamaí) ([18]).

([17]) *Samhailchoinbhinsiún Cánach ECFE ar Ioncam agus ar Chaipiteal, 2010 (leagan iomlán)*, OECD Publishing, Páras, 2012.
([18]) Cinneadh 2003/757/CE ón gCoimisiún [2003], Lárionaid chomhordúcháin sa Bheilg (IO L 282, 30.10.2003, lch. 25, aithris 95).

(53) Sa chomhthéacs sin, thagair an Coimisiún, ina Chinneadh Tosaigh, do chásdlí ar dá réir a d'fhéadfaí teacht ar dhálaí margaidh trí phraghsáil aistrithe arna mbunú ar neamhthuilleamaí. Go sonrach, más rud é, os a choinne sin, nár chomhlíon an modh cánachais le haghaidh idirbhearta inghrúpa prionsabal an fheidhmithe neamhspleách, ([19]) agus más rud é go raibh ina thoradh orthu bonn cánach arbh ísle é ná an bonn a bheadh ina thoradh ar chur chun feidhme ceart an phrionsabail sin, thabharfadh sé buntáiste roghnaitheach don chuideachta lena mbaineann ([20]).

(54) Sa chomhthéacs sin, shonraigh an Coimisiún gur doiciméad tagartha atá i dTreoirlínte ECFE lena moltar modhanna chun toradh praghsála ar neamhthuilleamaí a neasú agus coinníodh iad mar threoraíocht iomchuí chun na críche sin i gcinntí roimhe seo ón gCoimisiún ([21]).

(55) Dá bhrí sin, ina Chinneadh Tosaigh – agus mar a mhínítear ar bhealach níos mionsonraithe thíos – chuaigh an Coimisiún i muinín prionsabal uathrialaitheach feidhmithe neamhspleách. Ní dheachaigh an Coimisiún i muinín an dlí náisiúnta, go háirithe Airteagal 164(3) L.I.R. ([22]) agus an Ciorclán ([23]), agus prionsabal an fheidhmithe neamhspleách á shainmhíniú i gcomhthéacs a mheasúnaithe ar státchabhair sa chás seo.

(56) Bunaithe ar phrionsabal uathrialaitheach sin an fheidhmithe neamhspleách a shainmhínítear thuas, chuir an Coimisiún na hábhair amhrais seo a leanas in iúl ina Chinneadh Tosaigh, a bhain, dá bhrí sin, le comhlíontacht an rialaithe cánach faoi chonspóid le prionsabal an fheidhmithe neamhspleách a leagtar amach sa chásdlí a luaitear in aithrisí (52) agus (53) thuas agus dá bhforáiltear le Treoirlínte ECFE.

(57) Ar an gcéad dul síos, tháinig an Coimisiún ar an réamhchonclúid gur dhealraigh sé gur ceadaíodh leis an rialú cánach faoi chonspóid bonn cánach seasta EUR 2,542 mhilliún (+/- 10 %) i ndáil le gníomhaíochtaí FFT i Lucsamburg, nach n-athródh ach de bheagán agus a d'fhanfadh seasmhach fiú amháin dá mba rud é go gcuirfeadh FFT, mar shampla, go mór lena ghníomhaíochtaí is bun le cinneadh an bhoinn cánach.

(58) Ar an dara dul síos, chuir an Coimisiún ábhair amhrais in iúl maidir lena iomchuí atá an modh a roghnaigh comhairleoir cánach FFT chun luach saothair FFT a mheas. Chuaigh an comhairleoir cánach i muinín TNMM, ar modh indíreach é, ina anailís ar phraghsáil aistrithe chun an luach saothair sin a ríomh. De réir réamhchonclúidí an Choimisiúin, b'fhearr úsáid modhanna díreacha agus, go háirithe, modh an Phraghais Neamhrialaithe Inchomparáide (dá ngairtear 'CUP' anseo feasta) i gcásanna ina bhféadfaí idirbhearta inchomparáide a shonrú ar an margadh. I ndáil leis sin, shonraigh an Coimisiún go ndeachaigh Chrysler, cuideachta de ghrúpa Fiat sna Stáit Aontaithe, i muinín cistiú margaidh caipitil go díreach le haghaidh a oibríochtaí agus go bhféadfadh sé gurbh inchomparáide cuid de na hidirbhearta sin leis na hidirbhearta arna ndéanamh ag FFT.

(59) Ar an tríú dul síos, a mhéid a bhaineann le húsáid CAPM chun na torthaí riachtanacha ar chothromas a mheas, chuir an Coimisiún ábhair amhrais in iúl gur chuir comhairleoir cánach FFT an CAPM i bhfeidhm i gceart. Thug sé le fios gur socraíodh ar leibhéal ró-íseal an dá chomhpháirt lena gcinntear luach saothair FFT ar bhonn CAPM, i.e. an méid caipitil arna chúiteamh, agus an leibhéal luacha saothair arna chur i bhfeidhm maidir leis an méid caipitil sin.

([19]) Go háirithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh státchabhair i gceist le rialuithe lena gceadaítear do cháiníocóirí úsáid a bhaint as modhanna míchuí praghsála aistrithe chun brabús inchánach a ríomh, e.g. úsáid corrlach seasta le haghaidh modh costais plus nó athdhíola lúide chun praghsáil aistrithe iomchuí a chinneadh – Féach Cinneadh 2003/438/CE ón gCoimisiún [2002] maidir le Státchabhair C 50/2001, Luxembourg Finance Companies, IO L 153, 20.6.2003, lch. 40, aithrisí 43 agus 44; Cinneadh 2003/501/CE ón gCoimisiún [2002] maidir le Státchabhair C 49/2001, Lárionaid chomhordúcháin i Lucsamburg, IO L 170, 9.7.2003, lch. 20, aithrisí 46-47 agus 50; Cinneadh 2003/755/CE ón gCoimisiún [2003], Lárionaid chomhordúcháin sa Bheilg, IO L 282, 30.10.2003, lch. 25, aithrisí 89 go 95 agus Cásanna Uamtha gaolmhara C-182/03 agus C-217/03 *An Bheilg agus Forum 187* v *an Coimisiún*, ECLI:EU:C:2006:416, míreanna 96 agus 97; Cinneadh 2004/76/CE ón gCoimisiún [2003], Ceanncheathrú agus Lárionaid Lóistíochta sa Fhrainc, IO L 23, 28.1.2004, lch. 1, aithrisí 50 agus 53.

([20]) Féach Cásanna Uamtha C-182/03 agus C-217/03 *An Bheilg agus Forum 187* v *an Coimisiún*, ECLI:EU:C:2006:416, mír 95.

([21]) Cinneadh 2003/757/CE ón gCoimisiún [2003], Lárionaid chomhordúcháin sa Bheilg, IO L 282, 30.10.2003, lch. 25.

([22]) Airteagal 164(3) de Chód Cánach Ioncaim Lucsamburg (*Loi modifiée du 4.12.1967 concernant l'impôt sur le revenu*), dá ngairtear 'L.I.R.' anseo feasta).

([23]) Ciorclán L.I.R. uimh. 164/2 an 28 Eanáir 2010 ('an Ciorclán' anseo feasta).

(60) A mhéid a bhaineann leis an méid caipitil arna chúiteamh, glacadh leis sa rialú cánach faoi chonspóid nár cuireadh CAPM i bhfeidhm ach maidir le cuid den chothromas, arna lipéadú mar 'chothromas faoi riosca', ach an cothromas a instealladh in FFNA agus FFC, asbhaineadh é ón gcothromas a bhí le cúiteamh gan aon mhíniú inchreidte. Ina theannta sin, dhealraigh sé go raibh ina thoradh ar an ríomh ar an 'gcothromas faoi riosca' bonn cánach a bhí ró-íseal, toisc nár airíodh sócmhainní inghrúpa leis. Ina Chinneadh Tosaigh, cheistigh an Coimisiún an toimhde nárbh ann d'aon riosca creidmheasa ar idirbhearta le cuideachtaí den ghrúpa. Chuir an Coimisiún ábhair amhrais in iúl freisin maidir le ríomh na n-íoscheanglas caipitil le haghaidh riosca contrapháirtí agus riosca creidmheasa. Go háirithe, níorbh ann d'aon údar le roghnú toisce ualúcháin réasúnta ísealriosca 20 % le haghaidh an riosca contrapháirtí ná lena dtarlódh dá n-athrófaí an creat rialála ar bhealach fónta. Níor míníodh i dtuarascáil an chomhairleora cánach ar phraghsáil aistrithe an fáth ar léiriú maith ar riosca oibriúcháin é an 'difríocht idir úis chreidiúnaí arna dtabhú ar thaiscí bainc agus úis féichiúnaí arna dtabhú ar iasachtaí bainc'. Níor míníodh ann ualú riosca 15 % ach an oiread. Ar an gcaoi chéanna, níor leagadh amach sa tuarascáil sin an fáth ar iolraíodh an riosca contrapháirtí faoi 6 % in ionad 8 %, toisc gurbh é 8 % an t-íoscheanglas caipitil le haghaidh riosca contrapháirtí faoi chreatlach Basel II ([24]), a ndearnadh tagairt fhollasach di sa tuarascáil ar phraghsáil aistrithe.

(61) A mhéid a bhaineann leis an leibhéal luacha saothair a cuireadh i bhfeidhm maidir leis an gcaipiteal sin, chuir an Coimisiún ábhair amhrais in iúl maidir le cinneadh na béite mar dhealraigh sé go raibh sé ró-íseal i gcomparáid le cuideachtaí inchomparáide eile a dhéanann seirbhísí airgeadais. Chuir an Coimisiún ábhair amhrais in iúl freisin maidir leis an 25ú peircintíl seachas an t-airmheán a bheith roghnaithe ag an gcomhairleoir cánach chun an bhéite a ríomh.

(62) Ar an gceathrú dul síos, a mhéid a bhaineann leis an toradh ar chothromas a bhfuil súil leis i ndáil leis an gcaipiteal a mheastar mar bharrachas caipitil, chuir an Coimisiún ábhair amhrais in iúl toisc gur toilíodh sa rialú cánach faoi chonspóid úsáid a bhaint as ráta an-íseal 0,87 % gan aon údar leis.

(63) I bhfianaise na n-ábhar amhrais sin, ina Chinneadh Tosaigh tháinig an Coimisiún ar an gconclúid sealadach gur thug an rialú cánach faoi chonspóid buntáiste roghnaitheach do FFT mar d'imigh an luach saothair ó thoradh ar neamhthuilleamaí. Ós rud é gur dhealraigh sé gur comhlíonadh gach coinníoll eile d'Airteagal 107(1) den Chonradh agus nár léir aon bhonn comhoiriúnachta follasach de bhun Airteagal 107(2) nó (3) den Chonradh, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach gur státchabhair atá sa rialú cánach faoi chonspóid atá ar neamhréir leis an margadh inmheánach.

5. BARÚLACHA Ó LUCSAMBURG MAIDIR LEIS AN GCINNEADH TOSAIGH

5.1. Maidir le nós imeachta an Choimisiúin

(64) A mhéid a bhaineann leis an nós imeachta, líomhain Lucsamburg nár comhlíonadh an nós imeachta ceart chun an urghaire faisnéise a eisiúint sa chás seo, sa mhéid nár cuireadh ar a chumas don Choimisiún le Rialachán (CE) Uimh. 659/1999 urghairí a eisiúint i gcinneadh chun an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a thionscnamh. Ba cheart an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 659/1999 a leanúint sula bhféadfaí urghaire den sórt sin a eisiúint.

(65) Mhaígh Lucsamburg freisin, a mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis a iarradh faoin gcinneadh urghaire, nár mhínigh an Coimisiún an fáth ar ghá ainm an tairbhí a nochtadh chun measúnú a dhéanamh ar an mbeart faoi rialacha státchabhrach. Mhínigh Lucsamburg nach bhféadfadh sé an t-ainm a nochtadh an tráth sin. Mhaígh Lucsamburg freisin go raibh easpa soiléirithe ann maidir leis an bhfaisnéis a iarradh, bíodh is go raibh gá le soiléiriú den sórt sin de réir Lámhleabhar Nósanna Imeachta an Choimisiúin féin.

(66) Mhaígh Lucsamburg, toisc nár míníodh sa Chinneadh Tosaigh an chaoi ar chabhair a bhí sa rialú cánach faoi chonspóid, nach bhféadfadh sé an oibleagáid neamhghníomhaíochta a chur chun feidhme, agus dá bhrí sin rinne sé an tuairisceán cánach a chuir FFT isteach bunaithe ar an modheolaíocht sa rialú cánach faoi chonspóid a fhormheas.

([24]) Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht, *Comhaontú Réime maidir le Cóineasú Idirnáisiúnta ar Thomhas Caipitil agus Ceanglais Chaipitil, Creat Athbhreithnithe*, Meitheamh 2004 (dá ngairtear 'creatlach Basel II' anseo feasta).

(67) D'áitigh Lucsamburg freisin gur sháraigh an Coimisiún prionsabail an chomhair dhílis, na neamhchlaontachta, agus an dea-riaracháin toisc, mar shampla, nár fhreagair sé dá thairiscintí cruinniú a reáchtáil leis lena chur ar a chumas dó míniú a thabhairt ar an modheolaíocht a úsáideadh sa rialú cánach faoi chonspóid.

(68) Chuir Lucsamburg in aghaidh chinneadh an Choimisiúin an nós imeachta a bhain le FFT (le cás-uimhir nua SA.38375) a scaradh ón imscrúdú ginearálta ar chleachtais Lucsamburg maidir le rialuithe cánach faoi chás-uimhir SA.37267. Ós rud é go ndearna Lucsamburg achomharc in aghaidh na hurghaire faisnéise a ghlac an Coimisiún sa chás deiridh sin os comhair na Cúirte Ginearálta, d'fhéadfadh an Coimisiún, dá bhrí sin, dul timpeall ar neamhniú na hurghaire faisnéise faoi SA.37267 go saorga trí chás nua a oscailt.

(69) Ar deireadh, mhaígh Lucsamburg gur mhí-úsáid an Coimisiún a chumhachtaí trí fheidhmiú discréide a mheascadh suas le léirmhíniú simplí ar riail den ghnáthdhlí. Go háirithe, níorbh fheidhmiú discréide ag údarás cánach Lucsamburg a bhí sa rialú cánach faoi chonspóid ach bhí sé i gcomhréir le hAirteagal 164(3) L.I.R. agus leis an gCiorclán. Dar le Lucsamburg, agus na forálacha sin á gcur i bhfeidhm, ba dhosheachanta an rud é iad a léirmhíniú i bhfianaise fhíorais gach cáis chun teacht ar réitigh a cinneadh lena imthosca sonracha agus bunaithe ar na himthosca sin. Rinne an Coimisiún neamhaird den idirdhealú sin idir discréid, ar thaobh amháin, agus léirmhíniú na rialacha lenar áiríodh téarmaí dlí teibí agus ar ghá iad a chur i bhfeidhm maidir leis an gcás i gceist, ar an taobh eile. Thairis sin, ach an léirmhíniú ar dhlí Lucsamburg a chuir na húdaráis náisiúnta chun cinn a ionadú, sháraigh an Coimisiún inniúlacht na mBallstát i réimse an chánachais dhírigh.

(70) De réir Lucsamburg, ós rud é nár fheidhmigh a údarás cánach discréid i gcás FFT, theip ar an gCoimisiún a chruthú gur imigh an rialú cánach faoi chonspóid ón ngnáthchleachtas riaracháin. Mhínigh Lucsamburg go raibh a ghníomhaíocht riaracháin bunaithe ar phrionsabail na dlíthiúlachta agus an chomhionannais, lenar áirithíodh ar an gcaoi sin an chóireáil chéanna le haghaidh gach cáiníocóra arb ionann a staid a bheag nó a mhór. D'áitigh Lucsamburg go raibh an Cinneadh Tosaigh bunaithe ar Threoirlínte ECFE seachas ar chleachtas riaracháin Lucsamburg.

5.2. **Maidir le hearráidí substainteacha sa Chinneadh Tosaigh**

(71) Mar ábhar ginearálta, mhaígh Lucsamburg go ndearna an Coimisiún earráid shubstainteach trína ghlacadh mar an córas tagartha, chun buntáiste roghnaitheach a chinneadh, prionsabal feidhmithe neamhspleách nach gcumhdaítear ina dhlí náisiúnta agus ina chleachtas.

(72) Thairis sin, cháin Lucsamburg an Coimisiún toisc nár chuir sé an fhoráil ábhartha den dlí náisiúnta chun feidhme, is é sin Airteagal 164(3) L.I.R. agus an cleachtas riaracháin a eascraíonn as, maidir leis an gcás i gceist, agus nár úsáid sé ach Treoirlínte ECFE mar thagairt ina ionad sin. Agus é sin á dhéanamh, chinn an Coimisiún an modh ríofa a mheas sé mar an modh ab iomchuí, ach ní dhearnadh foráil go díreach i ndlí Lucsamburg maidir le húsáid modhanna sonracha praghsála aistrithe. Dá bhrí sin, thug an Coimisiún neamhaird iomlán ar chreat dlíthiúil agus ar chleachtas riaracháin Lucsamburg sa réimse sin.

(73) Ina theannta sin, mhaígh Lucsamburg gur bhain an Coimisiún míbhrí as Treoirlínte ECFE trí ordlathas modhanna praghsála aistrithe a bhunú. Mhaígh Lucsamburg go raibh údar le rogha TNMM agus go raibh an rogha sin comhoiriúnach d'Airteagal 164 L.I.R.

(74) A mhéid a bhaineann leis na hábhair amhrais a chuirtear in iúl sa Chinneadh Tosaigh, cháin Lucsamburg an Coimisiún as díriú an iomarca agus ar bhealach claonta ar straitéis cánach líomhnaithe Fiat ar leibhéal grúpa, gan a chur san áireamh go bhféadfadh sé go raibh cúiseanna eile ag Fiat, toisc gur grúpa é, chun a struchtúr a bhunú mar a rinne sé.

(75) Ar an gcéad dul síos, níor thoiligh údarás cánach Lucsamburg le 'bonn cánach seasta' mar a líomhain an Coimisiún. Bhraith ioncam inchánach FFT ar an líon iasachtaí arna gceadú agus níor bunaíodh leis an tuarascáil ar phraghsáil aistrithe ach raon i dtéarmaí bonnphointí chun an corrlach a bhaint amach.

(76) Ar an dara dul síos, maidir leis an méid cothromais is gá agus ábhair amhrais an Choimisiúin ina leith sin, mheas Lucsamburg go raibh rogha chreatlach Basel II ina rogha réasúnta, mar a bhí sa rogha sealúchais a eisiamh dar leis. Ós rud é gur íocadh sealúchais trí dhíbhinní ó fhochuideachtaí, a bhféadfadh athrú a theacht ar a méid de réir thorthaí na bhfochuideachtaí agus a gceanglas athinfheistíochta, ní raibh aon chiall tráchtála leis an gcoincheap corrlach a chur i bhfeidhm maidir leis an sruth ioncaim sin.

(77) Ar an tríú dul síos, mhaígh Lucsamburg go raibh údar freisin le heisiamh fiachas inghrúpa ón ríomh toisc gurbh ann do ráthaíocht fhollasach le haghaidh iasachtóirí FFT chun tacú le fiachais FFT.

(78) Ar an gceathrú dul síos, cháin Lucsamburg an Coimisiún as amhras a chaitheamh ar an mbealach inar ríomhadh an bhéite chun an biseach riosca a chinneadh.

(79) Ar deireadh, ós rud é gur dheimhnigh an Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) go sonrach go raibh an cleachtas rialaithe cánach i Lucsamburg i gcomhréir le Cód Cleachtais agus Treoirlínte ECFE, mhaígh Lucsamburg gur fhág prionsabal an ionchais dhlisteanaigh gur cheart go bhféadfadh FFT brath ar an rialú cánach faoi chonspóid le haghaidh a thréimhse bhailíochta iomláine, is é sin 5 bliana.

6. BARÚLACHA Ó PHÁIRTITHE LEASMHARA MAIDIR LEIS AN GCINNEADH TOSAIGH

(80) Chuir FFT isteach a bharúlacha maidir leis an gCinneadh Tosaigh an 30 Deireadh Fómhair 2014, in dhá dhoiciméad ar leith.

6.1. An chéad sraith barúlacha ó FFT

(81) Bhain an chéad sraith barúlacha ó FFT le (i) mífheidhmiú maíte phrionsabail ECFE maidir le praghsáil aistrithe ag an gCoimisiún agus (ii) an teip líomhnaithe maidir leis an gcaighdeán dlíthiúil riachtanach a chomhlíonadh chun roghnaitheacht a shuí faoi Airteagal 107(1) den Chonradh.

6.1.1. *Mífheidhmiú phrionsabail ECFE*

(82) Ar an gcéad dul síos, d'áitigh FFT nárbh ann d'aon chomhaontú le húdarás cánach Lucsamburg ar ioncam inchánach seasta, ach ina ionad sin ba ann do chomhaontú nár bhain ach le modh chun na feidhmeanna cisteáin arna ndéanamh ag FFT a chúiteamh.

(83) Ar an dara dul síos, rinne FFT argóintí chun tacú le roghnú TNMM mar an modh ab iomchuí. Mhínigh FFT níorbh fhéidir modh CUP a chur i bhfeidhm mar gheall ar an easpa idirbhearta inchomparáide inmheánacha. Mhaígh FFT freisin go dtabhódh sé caillteanais dá n-úsáidfeadh sé praghsáil a bhannaí, i gcur i bhfeidhm mhodh CUP, chun na praghsanna aistrithe arna gcur i bhfeidhm maidir leis na hiasachtaí le cuideachtaí den ghrúpa a shocrú.

(84) Shonraigh FFT freisin, cé nach eolaíocht chruinn atá sa phraghsáil aistrithe, go ndearna sé a dhícheall chun luach saothair ar neamhthuilleamaí a mheas le haghaidh na ngníomhaíochtaí.

(85) Ar an tríú dul síos, a mhéid a bhaineann le leordhóthanacht chothromas FFT, in éagmais treoraíocht shonrach sa Chiorclán, chun an leibhéal iomchuí cothromais faoi riosca a chinneadh, chinn FFT anailís a dhéanamh ar a chothromas chun a fhionnadh cén cion den chaipiteal a bhí de dhíth chun a ghníomhaíochtaí a fheidhmiú agus chun a rioscaí a iompar. Thagair FFT do chreatlach Basel II chun na críche sin. Mhínigh FFT freisin, ós rud é nár breithníodh gníomhaíochtaí sealúchais chun críoch an rialaithe cánach faoi chonspóid, go raibh údar aige scairshealbha FFT a chur as an áireamh óna chothromas faoi riosca. Lena chois sin, cuireadh as an áireamh an méid cothromais a bhí coibhéiseach leis an infheistíocht i bhfochuideachtaí FFT toisc gur léiríodh leis infheistíochtaí neamhphunainne i bhfiontair chleamhnaithe arna gcúiteamh trí dhíbhinní. Mar sin féin, ní raibh díbhinní faoi réir anailísí ar phraghsáil aistrithe, a bhí i gcomhréir le creatlach Basel II agus Airteagal 57 de Threoir 2006/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a bhaineann le gnó na n-institiúidí creidmheasa a ghlacadh agus a shaothrú (an Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil, dá ngairtear 'CRD III' anseo feasta) ([25]).

([25]) Treoir 2006/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2006 a bhaineann le gnó na n-institiúidí creidmheasa a ghlacadh agus a shaothrú, IO L 177, 30.6.2006, lch. 1, arna leasú.

(86) Ar an gceathrú dul síos, maidir le hanailís an Choimisiúin ar chóireáil infháltas inghrúpa agus toisc gur tugadh neamhaird in APA FFT ar gach sócmhainn seachas sócmhainní tríú páirtí, d'áitigh FFT gur cumhdaíodh cheana féin an rátáil creidmheasa grúpa i gcostas grúpa an chistithe arna fháil ag FFT. Ós rud é go raibh rátáil chreidmheasa coibhéiseach le Fiat S.p.A. ag FFT agus gach cuideachta ghrúpa chomhlachaithe, níorbh ann d'aon riosca creidmheasa breise do FFT de bharr iasachtú lena chuideachtaí grúpa comhlachaithe. I bhfianaise a bhfuil thuas, rinne FFT soiléiriú breise ar an gcaoi ar socraíodh an ráta úis arna ghearradh ag FFT.

(87) Ar an gcúigiú dul síos, dar le FFT, bhí údar aige úsáid a bhaint as an gcomhéifeacht 6 % a cuireadh i bhfeidhm maidir lena sócmhainní ualaithe ó thaobh riosca mar bhí sé ag teacht le tuiscint FFT ar chreatlach Basel II arna trasuí go hinstitiúidí airgeadais neamhbhainc i ndlínsí áirithe den Aontas (an Iodáil, cuir i gcás) ag údaráis rialála áitiúla i gcomhréir le CRD. Mhaígh FFT freisin go raibh an t-ualú riosca le haghaidh neamhchosaint sócmhainne agus riosca oibriúcháin i gcomhréir le creatlach Basel II. A mhéid a bhaineann le haon athrú féideartha ar an gcreat rialála, d'áitigh FFT freisin go raibh na critéir ábhartha bailí i gcónaí faoi chreatlach Basel II ([26]) agus faoi Threoir 2013/36/AE maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta ([27]) ('CRD IV').

(88) Ar an séú dul síos, a mhéid a bhaineann le hamhras an Choimisiúin faoin mbéite a úsáideadh, d'áitigh FFT go raibh an raon ar neamhthuilleamaí go díreach mar an gcéanna, nach mór, fiú nuair a cuireadh as an áireamh gnóthais inchomparáide áirithe (amhail bainc náisiúnta). Ós rud é gur ghníomhaigh FFT mar chuideachta chisteáin, mheas FFT go raibh béití cuideachtaí airgeadais ar na béití inchomparáide ab iomchuí. Thairis sin, rinneadh tagairt shoiléir sa Chiorclán do sholáthraithe seirbhíse airgeadais. Maidir le glacadh an 25ú peircintíl den raon ar neamhthuilleamaí, bhí sé sin i gcomhréir le Treoirlínte ECFE.

(89) Ar an seachtú dul síos, chuir FFT in aghaidh amhras an Choimisiúin gur ró-íseal a bhí an toradh 0,87 % ar chothromas. Maidir leis an mbarrachas caipitil, i.e. an caipiteal nach raibh gá leis chun na rioscaí a ghlac FFT i ndáil lena ghníomhaíocht mhaoiniúcháin a chumhdach, tugadh an barrachas sin ar iasacht arís i gcás ina raibh maoiniú breise de dhíth ar chuideachta eile den ghrúpa nó úsáideadh é chun speansais oibriúcháin arna dtabhú ag FFT agus seirbhísí airgeadais á soláthar aige a chistiú. Dá réir sin, ba cheart é a chúiteamh i gcomhréir le hinfheistíochtaí leachtachta gearrthéarmacha.

6.1.2. *Anailís an Choimisiúin ar roghnaitheacht*

(90) D'áitigh FFT nár soláthraíodh sa Chinneadh Tosaigh, fiú i gcás ina raibh anailís an Choimisiúin ar chomhlíontacht phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách ceart, aon fhianaise gur tugadh cóireáil ní ba bhuntáistí do FFT ná aon cháiníocóir eile i Lucsamburg i staid inchomparáide dhlíthiúil agus fhíorasach. Ní raibh aon chomparáid sa Chinneadh Tosaigh idir staid FFT agus aon cháiníocóir eile i Lucsamburg, amhail an 21 cháiníocóir eile a ndearna an Coimisiún athbhreithniú ar a n-APAnna. Bhí FFT i dteideal APA ó údarás cánach Lucsamburg, ar aon dul le haon cháiníocóir eile i Lucsamburg a raibh fíor-láithreacht aige i Lucsamburg.

(91) Thairis sin, ós rud é gurbh é 28,8 % an ráta cánach corparáide comhiomlán i Lucsamburg do FFT (le haghaidh na bliana airgeadais 2011), agus gurbh é thart ar 33 % an ráta príomha cánach corparáide san Iodáil an tráth sin, bheadh ina dtoradh ar bhrabús níos airde arna thuilleamh ag FFT costais in-asbhainte ní b'airde san Iodáil, mar ba do Fiat Finance S.p.A. a tugadh formhór d'iasachtaí FFT. Dá bhrí sin, níor léir an cineál 'cabhrach' a gheobhadh an grúpa ina iomláine dá dtuairisceodh FFT brabús ní b'ísle i Lucsamburg agus dá mbeadh sé, ar an gcaoi sin, i dteideal asbhaintí úis ní b'ísle san Iodáil.

([26]) Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht, Creat rialála idirnáisiúnta le haghaidh banc (Basel III).

([27]) Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

6.2. **An dara sraith barúlacha ó FFT**

6.2.1. *Níor tugadh 'buntáiste' leis an APA*

(92) Ag tús an dara sraith barúlacha ó FFT, míníodh an tábhacht atá ag APAnna go ginearálta agus ag a nglacadh mar chuid den chóras cánach ginearálta, chomh maith lena bhformhuiniú ag córas cánach Lucsamburg. Chloígh APA FFT leis an treoraíocht atá sa Chiorclán agus níor imigh sé ó chóras cánach ginearálta Lucsamburg.

(93) Ba chuid den chóras cánach ginearálta iad rialacha Lucsamburg maidir le praghsáil aistrithe, agus ba iad sin an bonn ar ar eisíodh an Ciorclán. Níor imigh rialacha Lucsamburg maidir le praghsáil aistrithe ón gcóras cánach ginearálta sin, mar chloígh siad le Treoirlínte ECFE sa chleachtas agus ba é ab aidhm dóibh brabús ar neamhthuilleamaí a shainaithint.

(94) A mhéid a bhaineann le hábhar amhrais an Choimisiúin a cuireadh in iúl sa Chinneadh Tosaigh faoi rogha na modheolaíochta praghsála aistrithe, d'áitigh FFT gur mhodheolaíocht é TNMM a raibh glacadh coitianta leis a bhí formheasta ag ECFE agus a bhí i gcomhréir leis an gcóras cánach ginearálta i Lucsamburg.

(95) Dar le FFT, ba cheart corrlach breithmheasa áirithe a bheith ag údaráis chánach agus TNMM á chur i bhfeidhm acu mar, a mhéid a bhain le cinneadh an bhrabúis inchánaigh, ní eascraíonn aon toradh aonair amháin as TNMM riamh agus sainaithnítear raon torthaí bailí leis. Dá réir sin, an difríocht idir an t-ioncam inchánach a fuair FFT (agus ar ghlac údarás cánach Lucsamburg leis) agus an t-ioncam inchánach líomhnaithe a ríomh an Coimisiún, níor cheart a mheas gur bhuntáiste chun críche státchabhrach a bhí sa difríocht sin. Ní thiocfadh buntáiste den sórt sin chun cinn ach amháin i gcás inar imigh an beart go mínáireach ó na rialacha caighdeánacha maidir le praghsáil aistrithe agus inar sháraigh sé corrlach breithmheasa an údaráis cánach. Seachas sin, chuirfeadh an Coimisiún isteach ar cheart Ballstáit chun cánachais.

(96) Ar deireadh, agus measúnú á dhéanamh ar cé acu a bhí nó nach raibh buntáiste ann, líomhain FFT gur cheart don Choimisiún éifeacht iomlán an 'ghrúpa' a bhreithniú. Maidir leis sin, níorbh ann d'aon bhuntáiste do ghrúpa Fiat mar rinneadh aon mhéadú ar an mbonn inchánach i Lucsamburg a fhritháireamh ina iomláine le hasbhaint cánach ní ba mhó i dtíortha Eorpacha eile (san Iodáil go príomha sna blianta is deireanaí).

6.2.2. *Easpa roghnaitheachta*

(97) Dar le FFT, ní fhéadfaí a áireamh leis an gcóras tagartha chun measúnú a dhéanamh ar roghnaitheacht ach cuideachtaí atá faoi réir rialacha maidir le praghsáil aistrithe, i.e. cuideachtaí a bhíonn ag plé le páirtithe gaolmhara go heisiach. Aithníodh é sin sa Chinneadh ón gCoimisiún maidir le *Groepsrentebox* ([28]), inar sonraíodh, i ndáil le gníomhaíochtaí maoinithe fiachais, nach raibh cuideachtaí gaolmhara i staid dhlíthiúil agus fhíorasach ab inchomparáide le staid cuideachtaí neamhghaolmhara. Dá bhrí sin, chun roghnaitheacht a léiriú, níor mhór don Choimisiún a chruthú go bhfuair FFT APA faoi choinníollacha a bhí éagsúil le coinníollacha grúpeintiteas eile i Lucsamburg a bhí ag gabháil do ghníomhaíochtaí maoiniúcháin. Mar sin féin, míníodh sa Chiorclán go raibh APAnna ar fáil do gach cuideachta grúpa airgeadais. Dá bhrí sin, níorbh ann do roghnaitheacht ar bith.

(98) Dar le FFT, níor lánroghnach na rialuithe cánach a d'eisigh údarás cánach Lucsamburg toisc gur chloígh siad leis na prionsabail sa Chiorclán inar tagraíodh go sonrach do phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách mar a shainmhínítear in Airteagal 9 de Shamhailchoinbhinsiún Cánach ECFE. Dá bhrí sin, bhí corrlach breithmheasa údarás cánach Lucsamburg, má ba ann dó, teoranta de réir na treoraíochta sa Chiorclán. Ina theannta sin, an corrlach breithmheasa teoranta sin a tugadh don údarás cánach, ba ghné dhílis de Threoirlínte ECFE é. Níorbh fhéidir leis sin, ann féin, a bheith ina chúis le státchabhair a bheith ann. Thairis sin, bhí APA FFT faoi réir athbhreithniú tréimhsiúil.

([28]) Cinneadh 2009/809/CE ón gCoimisiún an 8 Iúil 2009 maidir leis an scéim Groepsrentebox a bhí beartaithe ag an Ísiltír a chur chun feidhme (C 4/2007 (ex N 465/2006)) (IO L 288, 4.11.2009, lch. 26) (dá ngairtear 'cinneadh Groepsrentebox' anseo feasta).

(99) D'áitigh FFT freisin nár léirigh an Coimisiún gur imigh cur i bhfeidhm mhodh TNMM in APA FFT ó rialuithe eile arna dtabhairt i gcrích ag cuideachtaí i staideanna inchomparáide le FFT. Dar le FFT, ní raibh aon amhras ann go bhféadfadh gnóthas inchomparáide i staid chosúil le FFT rialú a iarraidh agus a brabús inchánach a chinneadh ar bhonn TNMM. Ós rud é go raibh FFT agus gnóthais inchomparáide faoi réir an chórais cánach chéanna, ba neamhábhartha an rud é a shuí, maidir leis an modheolaíocht praghsála aistrithe a cuireadh i bhfeidhm maidir le FFT, cé acu a bhí nó nach raibh an mhodheolaíocht sin i gcomhréir le Treoirlínte ECFE (rud a bhí fíor i gcás ar bith, dar le FFT).

6.2.3. *Bhí difear substaintiúil idir staid fhíorasach FFT agus na cinntí maidir le Lárionaid Chomhordúcháin*

(100) Dar le FFT, léiríodh sa Chinneadh Tosaigh roinnt difríochtaí suntasacha maidir le cinntí roimhe sin inar cheistigh an Coimisiún cur i bhfeidhm modheolaíochta praghsála aistrithe (mar atá, modh an chostais plus) mar an beart as ar eascair an buntáiste roghnaitheach ([29]). Sna cinntí sin, ní raibh an córas ar fáil ach do na cáiníocóirí sin a chomhlíon ceanglais áirithe, ach sa Chinneadh Tosaigh níor cheistigh an Coimisiún ach cur i bhfeidhm TNMM, i.e. cinneadh sonrach an bhrabúis inchánaigh, i gcomhthéacs nós imeachta APA a bhí ar fáil do gach cáiníocóir i Lucsamburg a bhí ag gabháil do mhaoiniú do pháirtithe gaolmhara.

(101) Thairis sin, sna cinntí sin, d'fhéadfadh sé gur imigh an t-ioncam arna chinneadh faoin modh an chostais plus go substaintiúil ón mbrabús reachtúil, rud nárbh amhlaidh i gcás FFT. Murab ionann agus cás FFT, maidir le cur i bhfeidhm na modheolaíochta praghsála aistrithe sna cinntí ní ba luaithe, is léir go n-imíonn sé ó Threoirlínte ECFE. Níorbh ann d'aon treoraíocht shoiléir praghsála aistrithe ach an oiread i dTreoirlínte ECFE maidir le cuid de na gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag FFT (amhail gníomhaíochtaí airgeadais agus cisteáin).

(102) Líomhain FFT freisin nár bhreithnigh an Coimisiún ach an oiread gur bunaíodh APA FFT ar staidéar eacnamaíoch i gcomhréir le Treoirlínte ECFE, rud a léirigh nár threallach a bhí an cinneadh brabúis agus nár fheidhmigh údarás cánach Lucsamburg aon discréid.

7. **BARÚLACHA Ó LUCSAMBURG MAIDIR LEIS NA TUAIRIMÍ Ó THRÍÚ PÁIRTITHE**

(103) I litir dar dáta an 5 Eanáir 2015, chuir Lucsamburg in iúl gur aontaigh sé le barúlacha FFT.

8. **MEASÚNÚ**

(104) De réir Airteagal 107(1) den Chonradh, aon chabhair a thabharfaidh Ballstát nó a thabharfar trí bhíthin acmhainní stáit i bhfoirm ar bith, agus a bhéarfaidh nó is baolach a bhéarfadh saobhadh ar iomaíocht trí thaobhú le gnóthais áirithe nó le soláthar earraí áirithe, ní luífidh sí leis an margadh inmheánach sa mhéid go dtéann sí i gcion ar an trádáil idir Ballstáit.

(105) Faoi mar a chinn Cúirt an Aontais ([30]), chun beart a cháiliú mar chabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) den Chonradh, ceanglaítear dá bhrí sin go gcomhlíonfar na coinníollacha carnacha seo a leanas: (i) ní mór an beart a bheith inchurtha i leith an Stáit agus a bheith maoinithe trí acmhainní Stáit; (ii) ní mór buntáiste a thabhairt dá fhaighteoir leis; (iii) ní mór an buntáiste sin a bheith roghnach; agus (iv) leis an mbeart ní mór iomaíocht a shaobhadh nó saobhadh a bhagairt agus ní mór an cumas a bheith ann difear a dhéanamh do thrádáil idir na Ballstáit.

(106) Chun críocha an chinnidh seo, is gá go háirithe scrúdú breise a dhéanamh ar bhuntáiste roghnaitheach a bheith ann.

([29]) Cinneadh ón gCoimisiún [2003] maidir leis an scéim cabhrach a chuir an Bheilg chun feidhme – Rialú cánach le haghaidh corparáidí eachtracha díolacháin ó na Stáit Aontaithe, IO L 23, 28.01.2004, lch. 14; Cinneadh ón gCoimisiún [2003] maidir leis an scéim cabhrach a chuir an Bheilg chun feidhme le haghaidh lárionaid chomhordúcháin atá bunaithe sa Bheilg, IO L 282, 30.10.2003, lch. 25; Cinneadh ón gCoimisiún [2002] maidir leis an scéim státchabhrach C 49/2001 (ex NN 46/2000) – Lárionaid Chomhordúcháin – a chuir Lucsamburg chun feidhme, IO L 170, 9.07.2003, lch. 20; Cinneadh ón gCoimisiún [2003] maidir leis an scéim cabhrach a chuir an Fhrainc chun feidhme le haghaidh ceanncheathrúna agus lárionaid lóistíochta, IO L 23, 28.01.2004, lch. 1; Cinneadh ón gCoimisiún [2002] maidir leis an scéim cabhrach a chuir an Ghearmáin chun feidhme le haghaidh lárionaid rialaithe agus chomhordúcháin, IO L 177, 16.07.2003, lch. 17.

([30]) Cás C-399/08 P *An Coimisiún* v *Deutsche Post,* ECLI :EU:C:2010:481, mír 39.

(107) De réir an chásdlí socair, maidir leis an gcoinníoll a bhaineann le buntáiste roghnaitheach, 'ní mór cinneadh a dhéanamh maidir le cé acu, faoi chóras dlí ar leith, a thugann nó nach dtugann an beart náisiúnta i dtrácht buntáiste 'do ghnóthais áirithe nó do tháirgeadh earraí áirithe' thar ghnóthais eile atá, i bhfianaise an chuspóra a shaothraítear leis an gcóras sin, i staid inchomparáide fhíorasach agus dhlíthiúil agus a fhulaingíonn cóireáil éagsúil dá réir sin a bhféadfaí í a aicmiú mar a bheith idirdhealaitheach' ([31]).

(108) Go sonrach, d'fhorbair an Chúirt Bhreithiúnais anailís trí chéim chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil beart cánach ar leith ina bheart roghnaitheach ([32]). Ar an gcéad dul síos, sainaithnítear an comhchóras nó an gnáthchóras cánach is infheidhme sa Bhallstát. Is é sin an 'córas tagartha'. Ar an dara dul síos, cinntear an ionann an beart cánach i gceist agus maolú ar an gcóras sin, a mhéid a dhéanann sé idirdhealú idir oibreoirí eacnamaíocha atá, i bhfianaise na gcuspóirí atá ina ndlúthchuid den chóras, i staid inchomparáide fhíorasach agus dhlíthiúil. Más rud é gur maolú atá sa bheart ar an gcóras tagartha, suitear ansin sa tríú céim den anailís cé acu a thugann nó nach dtugann cineál nó scéim ghinearálta an chórais tagartha údar leis an mbeart sin. Beart cánach ar maolú é ar chur i bhfeidhm an chórais tagartha, d'fhéadfadh sé go mbeadh údar leis dá bhféadfadh an Ballstát lena mbaineann a léiriú go n-eascraíonn an beart go díreach as bunphrionsabail nó as treoirphrionsabail an chórais cánach sin ([33]). Más amhlaidh atá, ní beart cánach roghnaitheach atá ann. Is ar an mBallstát atá an dualgas cruthúnais sa tríú céim sin.

(109) I mbreithiúnas *FIAT* ([34]), thug an Chúirt Bhreithiúnais soiléiriú breise maidir le conas an córas tagartha ábhartha a shainaithint. Chuir an Chúirt Bhreithiúnais in iúl nár cheart don Choimisiún paraiméadair agus rialacha atá lasmuigh den chóras cánach náisiúnta a bhreithniú agus an córas tagartha á chinneadh. Go sonrach, i mír 96 de bhreithiúnas *FIAT*, mheas an Chúirt Bhreithiúnais *'[d]á bhrí sin, agus scrúdú á dhéanamh ar bhuntáiste cánach roghnaíoch a bheith ann de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE agus chun an t-ualach cánach a chinneadh a bheadh le hiompar de ghnáth ag gnóthas, [nach] féidir critéir ná rialacha lasmuigh den chóras cánach náisiúnta atá faoi cheist a chur san áireamh, ach amháin má thagraíonn an córas sin go sainráite dóibh'*.

(110) I bhfianaise na bprionsabal sin, chinn an Chúirt Bhreithiúnais, i mír 117 de bhreithiúnas *FIAT* ([35]), gur ghá an Cinneadh Clabhsúir sa chás sin a chur ar neamhní a mhéid a rinne an Coimisiún earráid dlí nuair a chinn sé gurbh ann do bhuntáiste roghnaitheach i bhfianaise creat tagartha inarb é a bhí ann prionsabal feidhmithe neamhspleách nár eascair as iniúchadh iomlán ar an dlí cánach náisiúnta ábhartha.

(111) De bhun Airteagal 266 den Chonradh, tá sé de dhualgas dá bhrí sin ar an gCoimisiún na bearta is gá a dhéanamh chun breithiúnas *FIAT* ón gCúirt Bhreithiúnais a chomhlíonadh.

(112) Maidir leis sin, aithníonn an Coimisiún gur bhunaigh sé, sa Chinneadh Tosaigh, a mheasúnú ar chritéar an bhuntáiste roghnaithigh ar an toimhde gur cumhdaíodh prionsabal feidhmithe neamhspleách sa chreat tagartha. Fuair sé an prionsabal sin ó chinntí roimhe sin ón gCoimisiún ([36]) agus ó chásdlí na Cúirte Breithiúnais ([37]), arna léirmhíniú i gcomhréir le Treoirlínte ECFE, mar a shonraítear in aithrisí (53) go (56) den Chinneadh seo.

([31]) Cásanna Uamtha C-451/21 P agus C-454/21 P *Lucsamburg agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, ECLI:EU:C:2023:948, mír 106. Féach, freisin, C-172/03 *Heiser*, ECLI:EU:C:2005:130, mír 40.

([32]) Cásanna Uamtha C-78/08 go C-80/08 *Paint Graphos*, ECLI:EU:C:2009:417, míreanna 49 agus 64-65. An modh trí chéim sin chun anailís a dhéanamh ar roghnaitheacht cabhrach, dearadh é chun roghnaitheacht fholaithe beart cánach buntáisteach atá ar fáil d'aon ghnóthas, de réir cosúlachta, a nochtadh: féach Cásanna Uamtha C-649/20 P, C-658/20 P, C-662/20 P, *An Spáinn agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, ECLI:EU:C:2023:60, mír 48.

([33]) Cásanna Uamtha C-78/08 go C-80/08 *Paint Graphos*, ECLI:EU:C:2009:417, mír 65.

([34]) Cásanna Uamtha C-885/19 P agus C-898/19 P *An Coimisiún* v *Fiat Chrysler Finance Europe*, ECLI:EU:C:2022:859.

([35]) Cásanna Uamtha C-885/19 P agus C-898/19 P *Fiat Chrysler Finance Europe agus Éire* v *an Coimisiún Eorpach*, ECLI:EU:C:2022:859. Féach freisin an réasúnaíocht a leagtar amach i míreanna 81 go 112 den bhreithiúnas.

([36]) Cinneadh ón gCoimisiún [2003] maidir leis an scéim cabhrach a chuir an Bheilg chun feidhme – Rialú cánach le haghaidh corparáidí eachtracha díolacháin ó na Stáit Aontaithe, IO L 23, 28.01.2004, lch. 14; Cinneadh ón gCoimisiún [2003] maidir leis an scéim cabhrach a chuir an Bheilg chun feidhme le haghaidh lárionaid chomhordúcháin atá bunaithe sa Bheilg, IO L 282, 30.10.2003, lch. 25; Cinneadh ón gCoimisiún [2002] maidir leis an scéim státchabhrach C 49/2001 (ex NN 46/2000) – Lárionaid Chomhordúcháin – a chuir Lucsamburg chun feidhme, IO L 170, 9.07.2003, lch. 20; Cinneadh ón gCoimisiún [2003] maidir leis an scéim cabhrach a chuir an Fhrainc chun feidhme le haghaidh ceanncheathrúna agus lárionaid lóistíochta, IO L 23, 28.01.2004, lch. 1; Cinneadh ón gCoimisiún [2002] maidir leis an scéim cabhrach a chuir an Ghearmáin chun feidhme le haghaidh lárionaid rialaithe agus chomhordúcháin, IO L 177, 16.07.2003, lch. 17.

([37]) Cásanna Uamtha C-182/03 agus C-217/03 *An Bheilg agus Forum 187* v *an Coimisiún*, ECLI:EU:C:2006:416 (dá ngairtear 'cásdlí *Forum 187*' anseo feasta).

(113) Dá réir sin, na ceithre ábhar amhrais shonracha a bhfuil achoimre orthu in aithrisí 63 go 80 den Chinneadh Tosaigh agus a dtagraítear dóibh i roinn 4 thuas, bunaíodh iad ar prionsabal uathrialaitheach feidhmithe neamhspleách a bheith ann ([38]). I bhfocail eile, an réamhchonclúid maidir le cineál státchabhrach an rialaithe cánach faoi chonspóid, mar a leagtar síos sa Chinneadh Tosaigh, d'eascair an réamhchonclúid sin as imeacht ó phrionsabal feidhmithe neamhspleách nó as cur i bhfeidhm mícheart prionsabail feidhmithe neamhspleách agus as rialacha nár eascair as iniúchadh iomlán ar dhlí Lucsamburg.

(114) Aithníonn an Coimisiún, áfach, gur chinn an Chúirt Bhreithiúnais i mbreithiúnas *FIAT* nár shuigh an Coimisiún, sa Chinneadh Clabhsúir, gur ann do bhuntáiste roghnaitheach chun leasa FFT, de réir bhrí Airteagal 107(1) den Chonradh mar, nuair a bhunaigh sé an córas tagartha: *'chuir an Coimisiún prionsabal an fheidhmithe neamhspleách i bhfeidhm atá éagsúil ón bprionsabal sin mar a shainítear é faoi dhlí Lucsamburg. Dá bhrí sin, ní dhearna sé ach léiriú teibí an phrionsabail sin a shainaithint, i bhfianaise an chuspóra atá á shaothrú ag córas ginearálta cánach ioncaim corparáide i Lucsamburg, agus scrúdú a dhéanamh ar an rialú cánach atá faoi chaibidil gan aird a thabhairt ar an gcaoi a ndéantar an prionsabal sin a thabhairt isteach go sonrach sa dlí sin maidir le cuideachtaí comhtháite go háirithe.'* ([39]). Tá an chonclúid sin ábhartha freisin don anailís a leagtar amach sa Chinneadh Tosaigh.

(115) Maidir le cánachas cuideachtaí comhtháite, shonraigh an Chúirt Bhreithiúnais freisin, cé go bhféachann an dlí náisiúnta is infheidhme maidir le cuideachtaí i Lucsamburg le neasúchán iontaofa ar phraghas an mhargaidh a bhaint amach – agus go bhfreagraíonn an cuspóir sin, go ginearálta, do phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách – is amhlaidh fós, in éagmais comhchuibhiú ar leibhéal an Aontais, go sainítear sa dlí náisiúnta na rialacha mionsonraithe sonracha maidir leis an bprionsabal sin a chur i bhfeidhm agus gurb iad na rialacha náisiúnta sin a bhreithniú agus an creat tagartha á shainaithint ([40]). Mar sin féin, sa Chinneadh Tosaigh, níor thagair an Coimisiún do phrionsabal feidhmithe neamhspleách, mar a chumhdaítear go bunúsach in Airteagal 164(3) L.I.R.

(116) Shonraigh an Chúirt Bhreithiúnais freisin nach bhféadfar a thuiscint ó chásdlí *Forum 187* go raibh sé beartaithe ag an gCúirt prionsabal uathrialaitheach feidhmithe neamhspleách a leagan síos go neamhspleách ar thabhairt isteach an phrionsabail sin sa dlí náisiúnta agus measúnú á dhéanamh ar bhearta cánach faoi Airteagal 107(1) den Chonradh ([41]).

(117) Thairis sin, shonraigh an Chúirt Bhreithiúnais fiú má ghlactar leis go bhfuil comhdhearcadh idirnáisiúnta ann maidir le prionsabal an fheidhmithe neamhspleách, agus go mbíonn go leor údaráis chánach náisiúnta á dtreorú ag Treoirlínte ECFE maidir le praghsáil aistrithe a fhorbairt agus a rialú, *'[nach bhfuil] ábhartha ach na forálacha náisiúnta, chun críocha anailís a dhéanamh an gcaithfear idirbhearta áirithe a scrúdú i bhfianaise phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách agus, más amhlaidh sin, cé acu a imíonn nó nach n-imíonn praghsanna aistrithe, arb iad an bonn iad d'ioncam inchánach duine inchánach agus a chionroinnt i measc na Stát lena mbaineann, ó thoradh feidhmithe neamhspleách'* ([42]).

(118) I bhfianaise na dtorthaí agus na gconclúidí sin ón gCúirt Bhreithiúnais i mbreithiúnas *FIAT*, maidir leis an gcóras tagartha mar a shainmhínítear in aithrisí 59 go 63 den Chinneadh Tosaigh, atá bunaithe go heisiach ar phrionsabal uathrialaitheach feidhmithe neamhspleách, arna eascairt as cinntí an Choimisiúin agus as cásdlí *Forum 187* mar a léirmhíníodh le Treoirlínte ECFE, ní mór teacht ar an gconclúid nach bhféadfadh an córas tagartha sin a bheith ina thúsphointe iomchuí le haghaidh na hanailíse státchabhrach ar bhuntáiste roghnaitheach a bheith ann sa chás seo. Thairis sin, ní dhearnadh ábhair amhrais bunaithe ar Airteagal 164(3) L.I.R. agus ar an gCiorclán a chur in iúl sa Chinneadh Tosaigh.

(119) Mar a mheabhraítear i mbreithiúnas *FIAT*, earráid i gcinneadh na rialacha is infheidhme iarbhír faoin dlí náisiúnta ábhartha agus, dá bhrí sin, i sainaithint an chórais tagartha faoinar ghá an rialú cánach i gceist a mheasúnú, fágann an earráid sin go ginearálta gur gá iomlán na réasúnaíochta a bhaineann le buntáiste roghnaitheach a bheith ann a neamhbhailíochtú ([43]).

([38]) Féach Cásanna Uamtha C-885/19 P agus C-898/19 P *Fiat Chrysler Finance Europe agus Éire* v *an Coimisiún Eorpach*, ECLI:EU:C:2022:859, mír 104.

([39]) Cásanna Uamtha C-885/19 P agus C-898/19 P *Fiat Chrysler Finance Europe agus Éire* v *an Coimisiún Eorpach*, ECLI:EU:C:2022:859, mír 91.

([40]) Cásanna Uamtha C-885/19 P agus C-898/19 P *Fiat Chrysler Finance Europe agus Éire* v *an Coimisiún Eorpach*, ECLI:EU:C:2022:859, mír 93.

([41]) Cásanna Uamtha C-885/19 P agus C-898/19 P *Fiat Chrysler Finance Europe agus Éire* v *an Coimisiún Eorpach*, ECLI:EU:C:2022:859, mír 104.

([42]) Cásanna Uamtha C-885/19 P agus C-898/19 P *Fiat Chrysler Finance Europe agus Éire* v *an Coimisiún Eorpach*, ECLI:EU:C:2022:859, mír 96.

([43]) Cásanna Uamtha C-885/19 P agus C-898/19 P *Fiat Chrysler Finance Europe agus Éire* v *an Coimisiún Eorpach*, ECLI:EU:C:2022:859, mír 118.

(120) Mar thoradh air sin, na hábhair amhrais shonracha a chuirtear in iúl sa Chinneadh Tosaigh ná an bhunréasúnaíocht a leagtar amach ann maidir leis an sainmhíniú ar chóras tagartha, ní chuireann ceachtar díobh sin ar a chumas don Choimisiún a shuí gur thug Lucsamburg, leis an rialú cánach faoi chonspóid, buntáiste roghnaitheach do FFT. Thairis sin, sa Chinneadh Tosaigh, ní dhearna an Coimisiún measúnú ar mhaolú a bheith ann mar thoradh ar an rialú cánach faoi chonspóid i bhfianaise aon chóras tagartha eile, ná níor chuir sé ábhair amhrais in iúl faoi chabhair a bheith ann ar fhoras eile a bhain le buntáiste roghnaitheach a bheith ann.

(121) Na hábhair amhrais a cuireadh in iúl sa Chinneadh Tosaigh maidir le buntáiste roghnaitheach a bheith ann, ní mór don Choimisiún iad sin a chur i leataobh sa Chinneadh seo, dá bhrí sin. Ós rud é gur critéir charnacha iad na critéir chun a shuí gur ann do státchabhair de bhun Airteagal 107(1) den Chonradh, ní gá measúnú a dhéanamh ar na critéir eile a leagtar amach san fhoráil sin.

9. **CONCLÚID**

(122) I bhfianaise a bhfuil thuas, tagann an Coimisiún ar an gconclúid nach státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) den Chonradh atá sa rialú cánach faoi chonspóid a d'eisigh Lucsamburg i bhfabhar FFT.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An rialú cánach faoi chonspóid an 3 Meán Fómhair 2012 ó Ard-Diúcacht Lucsamburg i bhfabhar FFT, níor státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a bhí sa rialú sin.

Airteagal 2

Is chuig Ard-Diúcacht Lucsamburg a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Samhain 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Margrethe VESTAGER
Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin